

Gradam na Samhna

Gaelscoil Thaobh na Coille



Ba mhaith linn moladh a thabhairt do gach páiste sa scoil a d'oibrigh go dian an téarma seo, a rinne sár-iarracht an Ghaeilge a labhairt agus a bhí go deas béasach agus cneasta le páistí agus le múinteoirí na scoile. Tá moladh speisialta ag dul do na páistí seo a leanas a bhuaidh 'Gradam na Samhna 2023'.

We would like to congratulate all the children in the school who have worked tremendously hard this term, who have spoken 'Gaeilge' diligently and for their excellent behaviour and kindness towards each other and the teachers. Special praise must go to the following children who have been awarded 'Gradam na Samhna 2023'.

Is mise le meas

Emer Nic Chonchradha

Emer Nic Chonchradha

Príomhoide

N1A	<p>Faye Masún</p> <p>Is cailín cairdiúil agus beasach í Faye. Bíonn sí ag éisteacht sa rang agus glacann sí páirt i gcónaí. Tá nadúr álainn aici agus tá sí cairdiúil le gach duine. Is cailín cruthaitheach í Faye agus bíonn smaointí áille aici don ealaín.</p>	<p>PJ Ó Briain</p> <p>Is buachaill cairdiúil agus sona é PJ. Oibríonn sé go dian dícheallach sa rang. Réitíonn sé go h-an mhaith leis na páistí eile sa rang. Éistean sé go gear sa rang agus déanann sé iarracht a chuid Gaeilge a úsáid comh minic is gur féidir leis.</p>	<p>Isabel Ní Earchaí</p> <p>Is cailín álainn, cumasach, comhoibritheach í Isabel. Tá sí thar a bheith béasach agus léiríonn sí an-suim san foghlaim. Tugann sí 100% i gcónaí don obair ranga. Tá sí iontach mhaith ag labhairt i nGaeilge sa rang. Maith thú Isabel.</p>
N1B	<p>Evan Ó Dálaigh</p> <p>Tá an iarracht á dhéanamh ag Evan Gaeilge a labhairt leis an múinteoir agus spreagann sé seo na páistí sa rang í a labhairt. Is buachaill lách cabhrach é. Is breá leis an sport agus tá sé iontach gásta ag rith. Coinnigh ort Evan.</p>	<p>Rory Ó Mac Giolla Bhríde</p> <p>An -bhuaicill go deo é seo a bhíonn cluas gear na héisteachta air i gcónaí. Táim fíor-shásta leis an obair atá déanta aige go dtí seo agus an iarracht a dhéanann sé Gaeilge a labhairt.</p>	<p>Fíadha Ní Mhóráin</p> <p>Girseach cumasach cliste gealgháireach í Fíadha. Tá tuiscint iontach aici ar an nGaeilge agus is iontach an cailín í á labhairt. Tá sí ag obair go dian agus ag déanamh an-iarracht a bheith cruinn agus néata agus í i mbun críbhneoireachta.</p>

N2A	<p>Oscar Ó Donnabháin</p> <p>Is buachaill álainn, séimh é Oscar a chuireann go mór le spiorad an ranga. Tá sé cairdiúil agus cabhrach le gach duine. Tá Oscar iontach mhaith ag labhairt i nGaeilge sa rang agus tá sé an-mhaith ag léamh. Táim an-sásta leis.</p>	<p>Áine Ní Chorragáin</p> <p>Is cailín álainn í Áine atá iontach cumasach i ngach rud a dhéanann sí ar scoil. Tá béasaí álainn aici agus tá sí cairdiúil agus cabhrach sa rang. Tá sí ag obair go dian díograiseach ar scoil agus molaim go hard í.</p>	<p>James Uyger</p> <p>Is buachaill álainn, sona é James a chuireann go mór le spiorad an ranga. Bíonn sé cabhrach cneasta sa rang agus tá sé ag obair go dian. Tá an-spéis aige sa léamh agus sa mhata. Tá sé an-mhaith ag labhairt i nGaeilge.</p>
N2B	<p>Jacob D'Altun</p> <p>Bíonn sé i gcónaí ag déanamh gach iarracht Gaeilge a labhairt sa rang agus ar an gclós. Cabhraíonn sé leis na páistí eile agus leis an múinteoir. Is buachaill agus oibreoir iontach é Jacob!</p>	<p>Matilda ní Ogáin</p> <p>Is cailín gealgháireach i Matilda atá i gcónaí ag déanamh a dícheall leis an obair. Úsáideann sí a frásaí nua Gaeilge i gcónaí agus bíonn sí deas cineálta leis na páistí eile.</p>	<p>Clíodhna Nic Uidhur</p> <p>Is cailín cruthaitheach agus gealgháireach i Clíodhna! Bíonn sí ag tabhairt ealaín gleoite isteach gach maidin agus éistean sí go cúramach sa rang gach lá. Is breá léi cluichí a imirt sa rang agus tá sár obair á dhéanamh aici sna Naíonáin Mhóra.</p>
R1A	<p>Alex Mac Gearailt</p> <p>Is buachaill álainn, gealgáireach agus cairdiúil é Alex. Déanann sé a chuid oibre go díograiseach i gcónaí agus tá Gaeilge álainn aige. Tá bua na healaíne aige agus tá sé an-chruthaitheach. Molaim go mór thú Alex!</p>	<p>Keeva Ní Dhuinn</p> <p>Is cailín béasach, sona agus cairdiúil í Keeva. Bíonn meangadh gáire ar a haghaidh i gcónaí agus bíonn a cuid oibre i gcónaí déanta ar ard chaighdeán. Déanann sí sár-iarracht an Ghaeilge a labhairt agus a spreagadh sa seomra ranga agus sa chlós.</p>	<p>Dara Ó Corráin</p> <p>Is buachaill cineálta, cairdiúil agus díograiseach é Dara. Déanann sé a dhícheall i gcónaí agus cuireann sé go mór leis an rang. Tá feabhas ollmhór tagtha ar a pheannaireacht cheana féin i mbliana. Lean ort leis an dea-obair!</p>
R1B	<p>Bowie Culbert</p> <p>Is buachaill béasach, cairdiúil é Bowie. Oibríonn sé go dian dícheallach sa rang. Tá an-obair curtha isteach ag Bowie sa léitheoireacht. Bíonn se i gcónaí ag éisteach go cúramach sa rang.</p>	<p>Julia Nic Uidhir</p> <p>Is cailín álainn, sona agus cairdiúil í Julia. Tháinig Julia go Gaelscoil Thaobh na Coille i Mí Meán Fómhair agus tá feabhas mór tagtha ar a Gaeilge labhartha. Tá Julia tar éis socrú isteach go han-mhaith sa rang. Déanann sí a dícheall i gcónaí. Táim an bhródúil aisti.</p>	<p>Fred Ó Dubhgaill</p> <p>Is buachaill gealgháireach, cairdiúil agus sona é Fred. Cuireann sé go mór le spiorad an ranga. Déanann sé sár-iarracht Gaeilge a labhairt sa rang agus ar an gclós. Bíonn Fred i gcónaí ag cinntiú go bhfuil gach éinne eile sa rang ag déanamh iarracht Gaeilge a labhairt.</p>
R2A	<p>Adam Townsend</p> <p>Is buachaill lách, spóirtúil agus cabhrach é Adam. Oibríonn sé go diail ar fad gach lá agus níl drogall ar bith air agus é i mbun rudaí nua a dhéanamh agus nuacht a roinnt leis an rang. Tugann sé fuinneamh mhaith don rang agus is ard-bhuachaill é.</p>	<p>Eve Masún</p> <p>Cailín séimh, cairdiúil agus cruthaitheach í Eve. Taispeánann sí suim i ngach gné den obair scoile agus go háirithe i gcúrsaí ealaíne. Is léir go baineann sí an-sásamh as saorscríobhneoireacht agus drámaíocht le páistí eile.</p>	<p>Arthur Ó Ciara</p> <p>Buachaill gealgháireach, sona agus tuisceannach is ea Arthur. Déanann sé a dhícheall lena chuid oibre agus glacann sé páirt go fonnmhar sa rang. Spreagann sé páistí eile lena mheon dearfach agus molaim é.</p>

R2B	<p>Oisín Mag Fhloinn</p> <p>Seoid is ea Oisín a d'oibrigh go dian dícheallach ó thús na bliana. Ní bhíonn drogall ar bith air cabhair a lorg nuair atá sé uaidh nó cabhair a thabhairt más féidir leis. Bíonn meangadh mór gáire le feiscint air chuile lá. Tá mé fíor-shásta leis!</p>	<p>Aisling Pléimeann</p> <p>Réalta is ea í le togha na Gaeilge. Bíonn an Ghaeilge i gcónaí á labhairt aici. Bíonn an obair i gcónaí déanta go hálainn néata ag Aisling agus is ealaíontóir den scoth í – ach go háirithe an obair a rinne sí do phóstaer “Seachtain na Matamaitice”. Tá an-thréimse curtha di ag Aisling i R2!</p>	<p>Caia Ní Chionnaith Ní Oistigh</p> <p>Cailín álainn agus séimh í Caia. Tá a seacht ndícheall déanta aici ar scoil ó thús R2. Is cúntóir den scoth í leis an múinteoir agus tá sí go maith ag cabhrú le páistí eile sa rang freisin. Tá an-iarracht á dhéanamh aici le labhairt na Gaeilge. Tá mé fíor-shásta léi!</p>
R3A	<p>Tadhg Ó Maolchiaráin</p> <p>Léiríonn Tadhg spéis i gcónaí i ngach rud a bhíonn á dhéanamh againn sa rang. Labhraíonn sé Gaeilge i gcónaí agus bíonn sé cairdiúil, cneasta le gach duine. Oibríonn Tadhg go dian sa mhata ach go háirithe. Baineann sé taitneamh as an rang damhsa le Nuala.</p>	<p>Aoileann Ní Bhroin</p> <p>Oibríonn Aoileann go dian sa rang. Bíonn sí i gcónaí breá sásta cabhrú sa seomra ranga. Ar an gclós, is cailín chneasta, cairdiúil í Aoileann. Déanann Aoileann sár iarracht a cuid oibre scríofa a leagadh amach go néata. Gaeilge bhreá a bhíonn in úsáid aici.</p>	<p>Eimear Ní Choncheannain</p> <p>Is dalta díograiseach í Eimear. Bíonn sí cineálta, séimh agus béasach an t-am ar fad. Déannann sí iarracht iontach sa rang damhsa agus baineann sí sult as ealaín álainn a chruthú. Úsáideann Eimear a cuid Gaeilge i gcónaí.</p>
R3B	<p>Ailbhe Ní Chochláin</p> <p>Is cailín iontach deas agus cairdiúil í Ailbhe. Is cailín cineálta í agus cabhraíonn sí le gach duine sa rang, múinteoir agus páistí. Tá ag éirí go maith le hAilbhe i rang a 3. Tá an-iarracht á dhéanamh aici leis an obair scoile go léir. Cuireann sí a lámh suas go minic agus déanann sí a tréan-dícheall sa rang. Táim an-sásta léi, Maith thú Ailbhe, lean leis an dea-oibre!</p>	<p>Damian Mac Samhráin</p> <p>Is buachaill cairdiúil agus cainteach é Damian. Is buachaill deas é a réitíonn leis na páistí eile sa rang. Is buachaill cabhrach é freisin. Tá ag éirí go maith le Damian ar scoil. Tá dul chun cinn á dhéanamh aige lena obair scoile. Tá peannaireacht álainn aige agus cuireann sé a chuid oibre go léir i láthair go néata. Agus tá sé ag múineadh píosa Boisnis dúinn freisin!</p>	<p>Myles Ó Dughgail</p> <p>Is buachaill cairdiúil agus gealgháireach é Miles. Réitíonn sé go maith leis na páistí eile sa rang. Tá Myles ag déanamh iarracht lena obair scoile. Cuireann sé ceisteanna nuair nach dtuigeann sé agus déanann sé a dhícheall obair a chríochnú. Is buachaill greannmhar é Myles agus cuireann sé an rang ag gáire go minic. Tá feabhas tagtha ar a chuid iompar agus tá súil agam go leanfaidh seo! Maith thú Myles as an dul chun cinn atá déanta agat.</p>
R4A	<p>Dáithí Ó Lia</p> <p>Is buachaill ciúin, dea-mhúinte é Dáithí. Bíonn cuma sona air i gcónaí. Tá croí ollmhór aige agus bíonn sé lách agus cabhrach le gach duine. Is aobheann le Dáithí na ranganna corpoideachas, ach go háirithe.</p>	<p>Faith Charmant</p> <p>Cailín álainn, cairdiúil, cruthaitheach í Faith. Réitíonn sí go han-mhaith leis na páistí eile sa rang. Is cailín ealaíonta í agus léiríonn sí an-chumas sa rince Gaelach chomh maith. Cuireann sí go mór leis an rang.</p>	<p>Robyn Ní Mhacháin</p> <p>Cailín gealgháireach, cairdiúil, sóisialta í Robyn. Tá féith an ghrinn inti agus cuireann sí go mór le hatmaisféar an ranga. Is cailín spórtúil í freisin agus is maith léi a cuid tuairimí a roinnt sna ranganna Oideachas Sóisialta, Pearsanta & Sláinte.</p>

R4B	<p>Louie Ó Frighil</p> <p>Is buachaill cairdiúil, spórtúil é Louie. Tá sé ag obair go dian ó thús na bliana agus an-obair ar siúl aige sa Mhata ach go háirithe. Molaimid an iarracht agus an dearcadh dearfach a léiríonn sé gach lá ar scoil.</p>	<p>Laura Ní Mhurchú</p> <p>Is cailín álainn, séimh, cumasach í Laura a bhíonn cineálta, cabhrach le gach duine. Déanann sí a seacht ndícheall i gcónaí agus molaimid a rannpháirtíocht sa rang. Cailín ceolmhar, ealaíonta is ea í freisin.</p>	<p>Ciarán Ó Laomdha</p> <p>Buachaill sona, cabhrach is ea Ciarán. Léiríonn sé an-spéis san eolaíocht agus sa tíreolaíocht agus ní bhíonn drogall air a thuairimí a roinnt leis an rang. Tá an-dúil aige sa teicneolaíocht agus i ngreannáin a léamh agus a chumadh é féin. Lean ort a Chiaráin!</p>
R5A	<p>Adam Ó Tuathaigh</p> <p>Is buachaill béasach, cairdiúil agus éirimiúil é Adam. Oibríonn sé go dian ar scoil agus tá féith an ghrinn ann chomh maith. Tá neart cairde ag Adam agus is breá leis spórt a imirt leo. Bíonn a chuid oibre ar ardchaighdeán i gcónaí.</p>	<p>Freya Ní Néill</p> <p>Cailín álainn, cumasach agus cineálta í Freya. Bíonn a cuid oibre agus a cuid peannaireachta ar ardchaighdeán. Is cailín ealaíonta, spórtúil agus cairdiúil í. Tá sí le moladh go hard. Lean leis an obair iontach, Freya!</p>	<p>Fiadh Nic Cárthaigh</p> <p>Is sár-chailín í Fiadh a oibríonn go dian gach aon lá. Bíonn sí cineálta le gach éinne agus an-bhéasach. Tá neart cairde aici agus is cailín ealaíonta agus spórtúil í. Tógann sí a cuid ama lena cuid oibre agus tá obair iontach ar siúl aici.</p>
R5B	<p>Regan Ní Bhroin</p> <p>Is sár-chailín í Regan a bhíonn sásta cuidiú liom ag am ar bith agus freagrachtaí a ghlacadh sa rang. Is féidir liom braith uirthi i gcónaí. Bíonn sí an-sona ar scoil agus tugann sé faoin obair ranga le dearcadh dearfach i gcónaí.</p>	<p>Liam Townsend</p> <p>Is buachaill gealgháireach agus dearfach é Liam. Bíonn sé cineálta le gach duine agus tá pearsantacht fíor-dheas aige. Déanann sé sár-iarracht páirt a ghlacadh i gcúrsaí ranga agus ceisteanna a fhreagairt.</p>	<p>Dara Mac Mághnais</p> <p>Is buachaill séimh agus cairdiúil é Dara a léiríonn an-spéis san fhoghlaim. Tá féith an ghrinn go láidir ann agus is minic a bhím ag gáire agus mé ag caint le Dara. Is buachaill an-bhéasach é Dara, is maith leis an múinteoir a shásamh agus molaim é dá bharr.</p>
R6A	<p>James Breathnach</p> <p>Is sár-bhuachaill é James. Tá sé cineálta, díograiseach, éirimiúil, agus cairdiúil. Bíonn sé deamhúinte i gconaí. Tá dearcadh dearfach aige i leith na hoibre scoile agus déanann sé a sheacht ndícheall i gconaí. Is breá leis na cairde ranga agus bíonn cuma an-sona air ar scoil. Bíonn sé lán sásta cabhair a thabhairt domsa nó do na páistí eile agus bím in ann braith air i gconaí.</p>	<p>Jude Ó Macháin</p> <p>Is buachaill sóisialta, cruthaitheach, díograiseach agus cabhrach é Jude a luíonn isteach ar a chuid ceachtanna ar an bpointe boise. Léiríonn sé an-spéis sa Stair agus bíonn an méid sin firicí aige ar bharr a theanga. Tá Jude iontach leis na naíonáin agus is léir go bhfuil siad an-tógtha leis freisin.</p>	<p>Julianne Mercer</p> <p>Is sár-chailín í Julianne atá lán d'fhuinneamh. Is ceannaire iontach í, ach go háirithe ar an bpáirc peile. Tá sí fíor-bhéasach agus cuireann sí go mór le hatmaisféar dearfach a chothú sa seomra ranga. Bíonn sí cneasta lena comhscolairí agus cinntíonn sí nach mbíonn aon duine fágtha ar lár. Ina theannta sin, cuireann Julianne an-iarracht isteach san obair scoile i gcónaí.</p>
R6B	<p>Thea Ní Fhionnagáin</p> <p>Is cailín béasach, ealaíonta agus cairdiúil í Thea. Bíonn ardchaighdeán á bhaint amach aici san obair scoile. Is breá léi bheith ag léamh. Tá sí iontach maith ag an ealaín agus tá cairde maithe aici.</p>	<p>Bodhi Ó Blí</p> <p>Is buachaill éirimiúil, spórtúil agus stuama é Bodhi. Labhraíonn sé Gaeilge go líofa agus déanann sé iarracht i gcónaí leis an obair scoile. Tá suim mór aige sa spórt agus déanann sé cairde go héasca.</p>	<p>Sophie Nic Gabhann</p> <p>Is cailín cneasta, cairdiúil agus cliste í Sophie. Cuireann sí céad fán gcéad isteach san obair scoile. Is mac léinn féin-spreagtha í. Tá sí spórtúil agus tá béasaí den scoth aici. Labhraíonn sí Gaeilge i gcónaí ar scoil.</p>